# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Christophe HANSEN

## Talmhaíocht agus Bia

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Le breis agus 5 bliana anuas tá mé i m’Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, agus le linn an ama sin bhí róil éagsúla agam agus bhí mé ar choistí éagsúla. In 2022 toghadh i mo Chaestóir ar Pharlaimint na hEorpa mé. Sa cháil sin dom, rinne mé gach dícheall an institiúid a neartú trí fheabhas a chur ar na coinníollacha a chuireann ar a gcumas dá Comhaltaí a sainorduithe a chomhlíonadh. Mar rapóirtéir d’éirigh liom Grúpaí Polaitiúla a chur i gcaidreamh le chéile. Dá chomhartha sin, fuarthas tromlach an -mhór sa suí iomlánach i dtaca le comhaid ar nós an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe nó na Treorach maidir le hUisce Óil. Má dheimhníonn an Pharlaimint go bhfuil mé le leanúint de bheith ag fónamh don tionscadal Eorpach mar Choimisinéir, beidh an -earraíocht le baint as an taithí phearsanta sin atá agam agus as an tuiscint atá agam dá réir go bhfuil luach le fáil as éisteacht le cách agus as an gcomhghéilleadh.

Toisc gur fhás mé aníos ar fheirm bheag theaghlaigh ar an teorainn idir Lucsamburg agus an Bheilg agus go gcuidínn le feidhmiú na feirme sin, ba óg i mo shaol a bhraith mé tionchar dearfach an Aontais. A bhuí leis an taithí shaoil sin a bhí agam, mar aon leis an gcéim atá agam sna heolaíochtaí comhshaoil agus sa bhainistíocht riosca, tá fíormheas agam ar an gcomhshaol, creidim go láidir gur gá slite beatha inbhuanaithe a chruthú dóibh siúd atá tiomnaithe don talamh agus tiomnaithe do tháirgeadh an bhia, agus is rófheasach dom an príomhról atá ag beartais talmhaíochta agus chomhshaoil an Aontais. Dá bhrí sin, tá áthas ar leith orm gur chuir an tUachtarán toghaí na sainchúraimí Talmhaíocht agus Bia orm. Is ar ábhair a bhaineann leis an dúlra agus leis an bhfeirmeoireacht a dhírigh mé i mo ghairmréim agus sa tseirbhís phoiblí a thug mé, agus áirím air sin, sna laethanta déanacha seo, mo ról mar chathaoirleach an Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um an mBithéagsúlacht, le cois mé a bheith i mo chomhalta den Choiste um Thalmhaíocht, um Fhíonsaothrú agus um Fhorbairt Tuaithe i dTeach Teachtaí Lucsamburg. Agus an taithí sin agam, is léir dom nach bhfuil ag éirí le gairm na feirmeoireachta daoine óga a mhealladh.

Is cúis áthais dom gur leag an tUachtarán toghaí síos mar thosaíocht dom iomaíochas, teacht aniar agus inbhuanaitheacht earnáil na feirmeoireachta agus an bhia a neartú. Ionas go mbeidh an fheirmeoireacht in ann dul i ngleic le dúshláin an ama atá amach romhainn, is éigean go ngabhfadh glúnta na todhchaí orthu caomhnóireacht na talún, agus chuige sin is gá go mbeadh sásamh agus dínit le fáil acu as an talamh. Tá mé ar aon intinn ar fad léi gurb é an chaoi ar gá é sin a dhéanamh ná cluas ghéar a thabhairt do na hábhair atá ag déanamh imní do dhaoine sna pobail tuaithe, sin níos mó ná 30% de dhaonra an Aontais. Áiritheoidh mé go ndéanfar obair leantach ar an tuarascáil a tháinig as an bPlé Straitéiseach maidir le Todhchaí na Talmhaíochta, tuarascáil a cuireadh i dtábhacht sa liosta de cheithre thuarascáil a bheidh ina mbonn d’obair an Choláiste. Geallaim go n -oibreoidh mé le páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit ionas go mbainfear leas iomlán as na huirlisí ábhartha de chuid an chomhbheartais talmhaíochta chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mban san fheirmeoireacht agus ar a staid i gceantair

thuaithe agus go ndéanfaidh na huirlisí céanna comhlánú éifeachtach ar na hidirghabhálacha náisiúnta. Oibreoidh mé ar an mbonn sin chun a áirithiú go mbeidh an comhbheartas talmhaíochta a bheidh ann amach anseo oiriúnach dá fheidhm. Mar shampla, déanfaidh mé sin trí éascaíocht a dhéanamh don teacht atá ag feirmeoirí ban ar iasachtaí nó ar infheistíochtaí breise dá bhfeirmeacha. Thairis sin, áiritheoidh mé go n -urramóidh mo *cabinet* an chothromaíocht inscne.

An athnuachan ó ghlúin go glúin agus an tacaíocht d'fheirmeoirí óga, is nithe iad sin a bhfuil práinn ar leith agam astu. Is é an bunphrionsabal a bheidh faoi mo chur chuige i leith an bheartais talmhaíochta ná a áirithiú gur gníomhaíocht inmharthana tharraingteach a bheidh san fheirmeoireacht blianta fada ina dhiaidh seo. Chun todhchaí na feirmeoireachta san Eoraip a dhaingniú, ní mór an inbhuanaitheacht a áirithiú i ngach gné, agus áirím leis sin sláinte na hithreach agus an athléimneacht i réimse an uisce agus an ullmhacht i leith rioscaí aeráide, beocht agus rathúnas na gceantar tuaithe a chur chun cinn agus infheistíocht agus nuálaíocht a chothú – lena n -áirítear an teacht atá ar chaipiteal, brabúsacht ghairm na feirmeoireachta a áirithiú agus suíomh na bhfeirmeoirí i slabhra luacha an bhia a neartú. Chomh maith leis an straitéis maidir leis an athnuachan ó ghlúin go glúin a chur i láthair, tabharfaidh mé aird ar leith ar riachtanais agus ar ábhair imní na ndaoine óga agus an comhbheartas talmhaíochta reatha á chur chun feidhme, agus cuirfear san áireamh an tIdirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg, agus eagrófar an chéad Idirphlé sa chéad 100 lá de thréimhse shainordaithe an Choláiste nua.

Ar feadh mo ghairmréime agus sa tseirbhís phoiblí uile a thug mé, chomhlíon mé na rialacha maidir le neamhspleáchas agus cuntasacht. Leanfaidh mé d'fhuarlitir agus d'éirim na gConarthaí a urramú go hiomlán, agus déanfaidh mé amhlaidh chomh maith i gcás na hoibleagáide gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa gan aon teagasc a ghlacadh agus go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí maidir le lán -neamhspleáchas, lán -trédhearcacht, lán -neamhchlaontacht agus maidir le bheith ar fáil go hiomlán don Choimisiún. Urramóidh agus comhlíonfaidh mé go hiomlán an Cód Iompair a bhfuil comhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh faoina réir. Geallaim go gcuirfidh mé an tUachtarán ar an eolas láithreach faoi aon chás a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coinbhleacht leasa i bhfeidhmiú mo chuid dualgas oifigiúil, agus má bhíonn gá le haon athrú, tabharfaidh mé mo dhearbhú leasanna cothrom le dáta, dearbhú a chuirfear ar fáil don phobal.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Tá mé lántiomanta an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas faoi mo chuid gníomhaíochtaí agus faoi ghníomhaíochtaí Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe. A bhuí leis an taithí atá agam mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus mar chomhalta de Theach Teachtaí Lucsamburg, is nithe a thagann go nádúrtha liom an chuntasacht don Pharlaimint, an rialú polaitiúil agus an fhormhaoirseacht dhaonlathach ar an bhfeidhmeannas. Glacfaidh mé freagracht pholaitiúil iomlán as mo chuid gníomhaíochtaí sa réimse Talmhaíocht agus Bia, agus is do Pharlaimint na hEorpa agus do na saoránaigh Eorpacha a ndéanann sí ionadaíocht dóibh a bheidh mé freagrach ina leith sin. Is de dhlúth agus d'inneach an róil a bheidh agam mar Chomhalta den Choláiste, má dheimhnítear m'ainmniúchán, an dualgas oibriú i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí de mheon coláisteachta agus dílseachta, i gcomhréir leis na modhanna oibre a bhunaigh an tUachtarán. Tá an talmhaíocht agus an bia nasctha go dlúth le beartais eile, rud a fhágann gur tábhachtaí fós an comhar sin. Mar dhuine atá ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa le breis agus 5 bliana anuas, aontaím go hiomlán leis na hionchais dhlisteanacha atá ag an bParlaimint i leith na gCoimisinéirí. An t -idirphlé agus na malartuithe rialta oscailte leis na coistí agus leis an suí iomlánach, sin bunchloch na rannpháirtíochta daonlathaí. Dearcfaidh mé air i gcónaí mar phribhléid filleadh ar an bParlaimint, freagra a thabhairt ar cheisteanna na bhFeisirí, agus ardleibhéal iontaoibhe frithpháirtí, oscailteachta agus trédhearcachta a choinneáil ar bun sa chomhar eadrainn. Chuir an tUachtarán toghaí i dtábhacht ina Treoirlínte Polaitiúla go bhfuil sí meáite ar an idirphlé leis an bParlaimint a neartú. Aontaím go hiomlán leis sin arae aithním gur tábhachtach, ar mhaithe le héifeachtúlacht agus dlisteanacht phróiseas polaitiúil an Aontais, oibriú i gcomhar leis an bParlaimint agus lena Feisirí tofa. Ar an gcúis sin, geallaim go bhfreastalóidh mé go rialta ar Shuíonna Iomlánacha na Parlaiminte agus go n -oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na coistí a bhfuil leas acu i gcúrsaí

talmhaíochta agus bia, lena gcomhaltaí, lena gcomhordaitheoirí agus lena gcathaoirligh. Mar Fheisire den Pharlaimint, is beag suí iomlánach nár fhreastail mé air; má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Chomhalta den Choláiste, leanfaidh mé orm ag cloí leis an gcaighdeán an -ard seo. Áiritheoidh mé go mbeidh an oscailteacht, an trédhearcacht agus an comhar céanna sin ina dtreoir d'obair mo *cabinet* agus d'obair na ranna den Choimisiún a bheidh faoi mo chúram.

Déanfaidh mé obair leantach éifeachtach maidir le seasaimh na Parlaiminte agus maidir le hiarrataí ar thionscnaimh reachtacha. Glacfaidh mé mar chúram orm féin forálacha Chreat -Chomhaontú 2010 agus Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a chur chun feidhme i gcás mo réimsí freagrachta. Cuirfidh mé tuairimí na Parlaiminte san áireamh, agus déanfaidh mé mo sheacht ndícheall a áirithiú go dtabharfar freagra tráthúil i scríbhinn ar na rúin ón bParlaimint. Tugaim faoi deara gur chuir an tUachtarán toghaí in iúl ina treoirlínte polaitiúla go bhfuil sí tiomanta an comhar a dhoimhniú maidir le hAirteagal 225 CFAE trína iarraidh ar Choimisinéirí páirt a ghlacadh in idirphlé struchtúrtha le coistí Parlaiminteacha maidir leis na rúin sin. Déanfaidh mé amhlaidh go fonnmhar, agus is cinnte go bhfeicfidh sibh go minic sa Bhruiséil agus in Strasbourg mé.

Ar deireadh, bhí sé d'onóir agam páirt a ghlacadh i roinnt nósanna imeachta reachtacha: bhí páirt agam i ndréachtú agus i gcaibidliú sheasamh inmheánach na Parlaiminte, agus i gcur i gcrích an tsainordaithe i gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha, mar shampla. A bhuí leis an taithí sin a fuair mé, creidim go láidir gur gá an chóir chomhionann a dhéanamh leis an bParlaimint agus leis gComhairle agus go bhfuil gá le comhpháirtíocht speisialta idir an Pharlaimint agus an Coimisiún. Dá réir sin, geallaim go gcuirfidh mé forálacha na gComhaontuithe réamhluaite chun feidhme go hiomlán, agus áiritheoidh mé an chóir chomhionann i gcásanna inarb ionann inniúlacht don Pharlaimint agus don Chomhairle. Réamhriachtanas é sin, dar liom, chun go mbeidh na trí institiúid in ann an caibidliú agus an comhaontú polaitiúil a dhéanamh chun teacht ar chomhaontuithe lena gcomhlíonfar ionchais na saoránach Eorpach sna 5 bliana amach romhainn.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe</u>

*3. Ba léiriú soiléir iad agóidí na bhfeirmeoirí san earrach ar na deacrachtaí ollmhóra atá ag feirmeoirí. Tharraing siad aird go háirithe ar an ngá le hioncam cothrom, ar bhrabúsacht íseal na feirmeoireachta mar gheall ar phraghsanna ísle táirgeoirí agus costais arda ionchuir, ar iomaíocht éagórach ó allmhairí ó thríú tíortha agus easpa cómhalartachta, agus ar an ualach rialála agus ar easpa dreasachtaí chun ardchaighdeáin chomhshaoil a chomhlíonadh sa talmhaíocht. Ós rud é gur minic gurb iad na feirmeoirí an nasc is laige sa slabhra soláthair bia agus go bhfuil a n -ioncam faoi bhun mheán na n -earnálacha eile ó thaobh struchtúir de, cad iad na smaointe atá agat maidir le 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia' mar a fógraíodh i do litir mhisin mar Choimisinéir ainmnithe chun ioncam cothrom a áirithiú d'fheirmeoirí, feabhas a chur ar a seasamh sa slabhra soláthair bia, trédhearcacht i bpraghasmhúnlú a fheabhsú, chomh maith le feirmeoirí óga a mhealladh chuig an earnáil? Conas a bheartaíonn tú, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, an t -ualach riaracháin agus na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as beartais éagsúla ar fheirmeoirí a mhaolú agus a chuíchóiriú tuilleadh?*

Fís shoiléir i dtaca leis an talmhaíocht agus le chórais bhia de, fís a fhágfaidh go mbeidh níos mó intuarthachta ann agus a bheidh oiriúnach do na glúnta atá le teacht, is rud é sin atá tuillte ag feirmeoirí agus ag na daoine sin a bhfuil sé ar intinn acu dul i mbun na feirmeoireachta. Ag uair seo na cinniúna, ní mór dúinn a fhiafraí dínn féin: cad iad na coinníollacha a fhágfaidh go mbeidh feirmeoirí in ann leanúint de chaomhnóireacht na talún a ghabháil orthu féin, agus go mbeidh sásamh agus dínit le fáil acu aisti lena linn, ionas go mbeidh siad in ann a mbeatha a shaothrú ar a gcuid feirmeacha ar na saolta seo, sa todhchaí agus in 2040?

Is iomaí feirmeoir a chonaic an drochuair agus chuir siad a ndearcthaí in iúl i mbliana. Ioncam íseal athraitheach, caidreamh tráchtála neamhchothrom sa slabhra luacha, ceanglais rialála charnacha, éifeachtaí an athraithe aeráide agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil atá ag dul i méid, is dúshláin iad sin a fhágann gur minic nach bhfuil luach saothair ná sásamh le fáil as an bhfeirmeoireacht. Ní haon iontas é, mar sin, nach bhfuil ag éirí leis an bhfeirmeoireacht daoine óga a mhealladh.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt don teacht aniar suntasach atá léirithe ag feirmeoirí le blianta beaga anuas. D'éirigh leo leanúint de bhia leordhóthanach, sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil don Eoraip agus do thríú tíortha, agus feadh an ama sin bhí siad ina gcoimeádaithe ar an talamh, chaomhnaigh siad ár dtírdhreacha, choimeád siad ár n -oidhreacht chultúrtha beo agus choimeád siad beocht inár gceantair thuaithe. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, ullmhóidh mé Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia sa chéad 100 lá de thréimhse mo shainordaithe, agus oibreoidh mé faoi threoir an Uachtaráin agus i gcomhar le comhaltaí eile den

Choláiste lena linn. Is treochlár a bheidh ann do thionscnaimh sa todhchaí lena gcumhdófar sraith leathan saincheisteanna straitéiseacha don talmhaíocht agus don bhia.

Leis an bhFís sin, breathnófar ar an slabhra luacha agraibhia ar fad agus molfar bealaí chun iomaíochas, inbhuanaitheacht, brabúsacht agus tarraingteacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú, rud a choinneoidh ar bun éagsúlacht na feirmeoireachta ar fud na mór-roinne seo againne. Tabharfar aghaidh inti, i measc nithe eile, ar staid shocheacnamaíoch na bhfeirmeoirí agus ar a n -ioncam go háirithe, agus féachfar le slabhraí luacha a dhéanamh níos cothroime, le hathléimneacht feirmeacha a fheabhsú, le dreasachtaí a thabhairt do chleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe, le caillteanas bia agus dramhaíl bhia a laghdú, leis an ualach riaracháin a eascraíonn as reachtaíocht agus ceanglais tuairiscithe náisiúnta agus Eorpacha a bhainistiú agus a laghdú agus le heolas, nuálaíocht agus infheistíocht a spreagadh.

Leagfar amach go soiléir san Fhís conas a dhéanfaimid dul chun cinn sna príomhréimsí sin, agus sinn ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara, leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa. Leis an bhFís, bainfear leas as an tuarascáil ón bPlé Straitéiseach faoi thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach agus breithneofar na peirspictíochtaí ábhartha uile, lena n -áirítear na peirspictíochtaí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle go háirithe.

Na dálaí a chruthú chun stop a chur leis an gcúlú atá tagtha ar an athnuachan ó ghlúin go glúin, trína áirithiú go mbeidh an fheirmeoireacht fós ina gairm inmharthana tharraingteach blianta fada ina dhiaidh seo, sin an bunphrionsabal a bheidh faoin bhFís seo agamsa. Léiríonn na figiúirí is déanaí nach bhfuil ach 12% de ghabháltais feirme uile an Aontais á mbainistiú ag feirmeoirí atá faoi bhun 40 bliain d'aois. Ní mór dúinn gníomhú go misniúil chun todhchaí na feirmeoireachta a chothú do na glúnta atá le teacht. Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh an chéad ghlúin eile in ann sásamh a fháil as a gcuid feirmeoireachta le linn dóibh a bheith ag cur bia ar ardchaighdeán ar fáil agus leas á bhaint acu as córais táirgthe ina bhfuil an dúlra agus an talmhaíocht fite fuaite ina chéile. Is éard a theastaíonn ó fheirmeoir óg, ioncam cóir, ithreacha torthúla, rochtain ar thalamh agus ar chaipiteal, na scileanna, an teicneolaíocht agus an t -ábhar pórúcháin nuálach ceart, mar aon le córais táirgthe athléimneacha barr agus beostoic a riarann ar éilimh na dtomhaltóirí, agus is gá go mbeidh sé in ann a bheith ag táirgeadh go hinbhuanaithe i gceantair thuaithe tharraingteacha freisin.

Sin an fáth a n -oibreoidh mé go dlúth le feirmeoirí óga agus le haos óg na hEorpa, agus déanfaidh mé amhlaidh chomh maith trí Idirphlé Beartais leis an Aos Óg sa chéad 100 lá de thréimhse an tsainordaithe nua, chun straitéis a fhorbairt don athnuachan ó ghlúin go glúin. Beidh sé mar aidhm ag an straitéis sin a chur ar a gcumas d'fheirmeoirí óga an fhiontraíocht agus an acmhainneacht nuálaíochta atá acu a dhíriú go hiomlán ar thodhchaí na hearnála. Cuimseofar inti bearta praiticiúla nuálacha chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na príomhbhacainní atá roimh an athnuachan ó ghlúin go glúin, lena n -áirítear an teacht atá ar thalamh, ar chreidmheas agus ar eolas. Ar na bearta sin tá Faireachlann Eorpach um Thalamh a chuideodh linn an trédhearcacht a chur chun cinn sa mhargadh talún, lena n -áirítear trí shásra chun tionscnamh na hinfheistíochta i dtalamh agus i bhfeirmeacha a scagadh.

Ionas gur féidir le feirmeoirí fanacht sa ghairm seo agus ionas gur féidir le feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua dul leis an ngairm chéanna, is coinníoll ríthábhachtach é go mbeadh ioncam feirme ann atá cothrom leordhóthanach. Faoi láthair, áfach, tá ioncaim na bhfeirmeoirí i bhfad níos ísle ar an meán ná an meánphá san Aontas. Níl na hacmhainní is gá ag an iomad feirmeoirí chun infheistíocht a dhéanamh san aistriú. Caithfear an éagóir sin a chur ina ceart. Caithfidh feirmeoirí ioncam níos fearr a fháil ón margadh, rud a fhágfaidh go mbeidh siad in ann na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh chun go mbeidh a bhfeirmeacha slán i bhfad na haimsire agus chun go mbeidh siad níos athléimní.

Chuige sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, saothróidh mé sraith chuimsitheach beart. Ní mór dúinn leas a bhaint as gach foinse ioncaim: ioncam ón margadh, tacaíocht ioncaim phoiblí, agus foinsí ioncaim malartacha nua, ar nós na feirmeoireachta carbóin. A áirithiú go bhfuil luach saothair níos iomchuí le fáil ag feirmeoirí as an margadh agus ár n -ithreacha agus ár gcomhshaol á gcosaint san am céanna chun a áirithiú go gcothófar bonn na talmhaíochta do na glúnta atá le teacht, sin an phríomhaidhm ba cheart a bheith ag ár mbeartas. Maidir leis an tacaíocht tríd an gcomhbheartas talmhaíochta, is léir go bhfuil sí fíor-riachtanach fós chun tacú le feirmeoirí, chun luach saothair a thabhairt dóibh as seirbhísí éiceachórais agus chun iad a chúiteamh as bheith ag oibriú i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu, agus chun tacú le hinfheistíochtaí sa mhaolú ar an athrú aeráide, san oiriúnú don athrú aeráide agus chun oibleagáidí comhshaoil a chomhlíonadh. I dtaca leis an gComhbheartas Talmhaíochta de, ní mór dúinn é a dhéanamh níos simplí agus níos spriocdhírithe agus ní mór dúinn an chothromaíocht cheart a aimsiú idir dreasachtaí, infheistíochtaí agus rialáil. Áiritheoidh mé go gcuirfidh sé tacaíocht shocheacnamaíoch ar fáil do na feirmeoirí sin is mó a bhfuil gá acu léi, feirmeoirí beaga go háirithe, go gcuirfidh sé dreasachtaí ar fáil le haghaidh seirbhísí éiceachórais agus go dtacóidh sé lenár gceantair thuaithe.

Ionas go mbeidh feirmeoirí in ann ioncam fónta a fháil ón margadh, is gá go mbeidís in ann praghsanna córa a chaibidliú. Faoi láthair, áfach, níl feirmeoirí go leor in ann sin a dhéanamh mar gheall ar an gcumhacht chaibidlíochta is laige atá acu agus mar gheall ar an easpa trédhearcachta atá sa mhargadh. Tá mé tiomanta cumhacht mhargála na bhfeirmeoirí a neartú a thuilleadh agus an riosca a laghdú a mhéid is féidir go gcuirfear iallach orthu go córasach díol faoi bhun na gcostas táirgeachta.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, leagfaidh mé amach conairí faoin mbealach ar féidir sin a dhéanamh san Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia. Ar an gcéad dul síos, ní mór dúinn cuidiú le feirmeoirí úsáid níos fearr a bhaint as na huirlisí atá ann cheana, go háirithe an deis atá ar fáil dóibh dul le heagraíochtaí táirgeoirí agus lena gcomhpháirtíochtaí. Ar an dara dul síos, molfaidh mé don Choimisiún leasuithe spriocdhírithe ar an Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí a mholadh go pras chun seasamh na dtáirgeoirí a neartú i gcaibidlíocht agus i dtabhairt i gcrích na gconarthaí i dtaca le táirgí talmhaíochta a sholáthar, comhar a chothú agus tarchur praghsanna a fheabhsú. Ar an gcuma chéanna, chun feirmeoirí a chosaint a thuilleadh ar chleachtais éagóracha trádála, molfaidh mé don Choimisiún rialacha nua a mholadh i dtaca le forfheidhmiú trasteorann faoi chuimsiú na Treorach maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála. De réir thorthaí na meastóireachta leanúnaí ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála, déanfaidh mé mo mhachnamh, i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara uile, ar athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair. Thairis sin, tá rún agam muinín na n -oibreoirí sa slabhra luacha a neartú tríd an trédhearcacht a fheabhsú ó thaobh praghasmhúnlú agus tarchuir de, agus leas á bhaint as léargais na Faireachlainne nua um an slabhra Agraibhia.

Ar deireadh, beidh an simpliú agus an cur chun feidhme éifeachtúil ina dtosaíochtaí agam. Beartais níos simplí agus teacht ar na huirlisí iomchuí, is nithe iad sin a bhfuil gá leo chun talmhaíocht níos iomaíche a bhaint amach. An tráth céanna, tá gá le tuairisciú agus rialuithe fóinteacha chun rianú cuí a dhéanamh ar ghnóthú ár gcuspóirí beartais, lena n -áirítear ár spriocanna comhshaoil. Mar sin, an fhís atá agam don todhchaí, is fís í a bhainfidh an chothromaíocht amach: fís a fhágfaidh go mbeidh feirmeoirí in ann an talamh a shaothrú gan rómhaorlathas agus an leibhéal dearbhaithe ceart á chur ar fáil san am céanna i dtaca leis an gcaoi a gcaitear airgead an Aontais, agus sin bunaithe ar an spriocdhíriú ceart agus ar an bhfeidhmíocht cheart. Ní mór dúinn sochair na teicneolaíochta digití agus na n -uirlisí digiteacha a úsáid chuige sin, agus an t -ualach atá ar thairbhithe beaga a laghdú san am céanna trí scéimeanna simplí agus tríd an mbearna dhigiteach idir feirmeoirí is óige agus feirmeoirí is sine a dhúnadh.

Tá anailís chríochnúil á déanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar an ualach riaracháin atá ar fheirmeoirí agus ar údaráis náisiúnta; tá tuilleadh mór feabhais le déanamh go fóill agus geallaim go dtógfaidh mé ar an méid a rinneadh go dtí seo, agus sin bunaithe ar thorthaí na hanailíse leanúnaí. Tá sé i gceist agam oibriú i ndlúthchomhar le mo chomhghleacaithe sa Choláiste, chomh maith le páirtithe leasmhara, leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa, chun na hualaí riaracháin atá ar fheirmeoirí a laghdú a thuilleadh ar fud na reachtaíochta Eorpaí uile a dhéanann difear d'earnáil na talmhaíochta. Thairis sin, an t -ualach ar fheirmeoirí a laghdú agus an comhbheartas talmhaíochta a chuíchóiriú, is tosaíochtaí a bheidh iontu sin i dtograí an chomhbheartais talmhaíochta tar éis 2027.

*4. A Choimisinéir ainmnithe, cad iad do thuairimí faoi impleachtaí an mhéadaithe maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) amach anseo, go háirithe todhchaí na n -íocaíochtaí díreacha? Conas atá sé i gceist agat na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag próiseas an mhéadaithe ar mhargaí agus ar tháirgeoirí talmhaíochta an Aontais a sheachaint nó a mhaolú? An dóigh leat go bhfuil gá le teacht isteach tháirgí na hÚcráine a rialáil tuilleadh chun díchobhsú mhargaí talmhaíochta an Aontais a sheachaint? An leor na bearta cosanta atá i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh seo caite, dar leat? Ar bhonn níos leithne, cad é do thuairim faoin athchaibidlíocht atá á déanamh faoi láthair ar an gcomhaontú saorthrádála leis an Úcráin?*

I dtaca le beartas an Aontais um méadú de, murab ionann agus riamh, is infheistíocht gheostraitéiseach é don mhór-roinn seo againne sa tsíocháin, sa chobhsaíocht, sa tionchar, san iomaíochas agus sa tslándáil fhadtéarmach, lena n -áirítear slándáil ár dtionscail agraibhia. Ní mór dúinn tacú leis na hiarrthóirí agus leis na hiarrthóirí ionchasacha ar a gconairí féin i dtreo an Aontais agus ní mór dúinn sinn féin a ullmhú freisin chun fáilte a chur roimh bhaill nua san Aontas.

Leis an méadú chuig na tíortha is iarrthóirí, d'fhéadfaí an tAontas a neartú mar ghníomhaí geostraitéiseach in earnáil na talmhaíochta, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an ról atá againn maidir le tacú leis an tslándáil bia dhomhanda, agus d'fhéadfaí cur go mór le huathriail straitéiseach an Aontais i dtionscal an bhia, na beatha, na bithmhaise agus na hithreach, tráth a bhfuil méadú ag teacht ar na rioscaí mar gheall ar an athrú aeráide. Beidh dúshláin ag baint leis sin freisin. Ach ní hé seo an chéad mhéadú ar an Aontas agus ní hé seo an chéad uair gur ghá

dúinn machnamh a dhéanamh ar thodhchaí an chomhbheartais talmhaíochta in Aontas méadaithe. Baineadh sin amach roimhe seo trí bheartais an Aontais a choigeartú roimh an aontachas, go háirithe trí dhianphróiseas aontachais lena n -áirithítear go mbeidh tíortha an mhéadaithe ullmhaithe go hiomlán roimh an aontachas, agus trí chúnamh spriocdhírithe. Rannchuidigh an cur chuige sin leis na bearnaí idir na Ballstáit sheanbhunaithe agus na Ballstáit nua a dhúnadh. Níor chuir aontachas foirmiúil an Aontais isteach go mór ar na Ballstáit nua ná ar na Ballstáit a bhí ann cheana, ach ba chéim eile a bhí ann i gcomhtháthú rianúil na mBallstát nua i mbeartais agus i mbuiséad an Aontais. Comhlánaíodh sin, i gcás inar ghá, le hidirthréimhsí tar éis an aontachais, idirthréimhsí ar nós cistí agus rochtain ar mhargadh saothair an Aontais a chéimniú isteach, chomh maith le lánpháirtiú de réir a chéile sa mhargadh inmheánach.

Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Méadú, leis na Ballstáit, le tíortha an mhéadaithe agus leis na páirtithe leasmhara chun todhchaí na talmhaíochta in Aontas is mó a phlé. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an méadú ar earnáil na talmhaíochta sna Ballstáit atá ann faoi láthair, agus roinnt éiginnteachtaí á gcur san áireamh:

- struchtúir feirme agus acmhainneacht táirgeachta thíortha an mhéadaithe faoi thráth a n -aontachais;

- an tacaíocht a d’fhéadfadh tíortha an mhéadaithe a fháil amach anseo chun tacú le hoiriúnú a n -earnála talmhaíochta (e.g. cláir um Chúnamh Réamhaontachais);

- éabhlóid leanúnach earnálacha na talmhaíochta, arb earnálacha iad nach bhfuil ina stad ar chor ar bith, agus éabhlóid na bpatrún tomhaltais san Aontas, i dtíortha an mhéadaithe agus ar fud an domhain.

Ní mór dúinn cuimhneamh gur próiseas é an t -aontachas atá bunaithe ar fhiúntas agus go bhfanfaidh sé amhlaidh, go bhfuil sé ag brath go hiomlán ar an dul chun cinn oibiachtúil atá déanta ag gach comhpháirtí, agus tosófar leis na critéir bhunúsacha i gcomhair aontachas leis an Aontas, an daonlathas, an smacht reachta, athchóirithe eacnamaíocha agus athchóirithe ar an riarachán poiblí go háirithe.

Dá bhrí sin, bíodh méadú ann nó ná bíodh, ní mór dúinn an Comhbheartas Talmhaíochta a dhéanamh níos simplí agus níos spriocdhírithe; agus an chothromaíocht cheart a aimsiú idir dreasachtaí, infheistíochtaí agus rialáil. Na riachtanais shonracha a bheadh ar Aontas is mó, tá siad sa bhreis ar an ngá dosheachanta atá le Comhbheartas Talmhaíochta nuachóirithe agus níos simplí. Dá bhrí sin, is deis é an méadú – cé nach é is bunsiocair – lena áirithiú go mbeidh ár gcaiteachas ailínithe ar bhealach níos fearr le cuspóirí beartais an lae inniu agus leis na cuspóirí beartais sa todhchaí.

Tá mé muiníneach, mar a bhí san am a chuaigh thart, go mbeimid in ann an comhbheartas talmhaíochta a chur in oiriúint agus a ullmhú don réaltacht a bheadh i gceist le hAontas is mó, agus a áirithiú go mbeidh sé fós éifeachtach agus go rachaidh sé chun tairbhe d’fheirmeoirí an lae inniu agus d’fheirmeoirí na todhchaí i ngach réigiún d’Aontas méadaithe.

Maidir leis an gcaidreamh trádála leis an Úcráin, ba mhaith liom a athdhearbhú ar an gcéad dul síos go seasaim leis an Úcráin agus le tiomantas iomlán an Uachtaráin von der Leyen leanúint de thacaíocht bhuanseasmhach a thabhairt don Úcráin i bhfianaise chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Chun tacú le geilleagar na hÚcráine, rinneadh bearta láithreacha i bhfoirm bearta trádála uathrialacha de chuid an Aontais lenar deonaíodh don Úcráin léirscaoileadh trádála iomlán ó mhí an Mheithimh 2022 ar aghaidh. I bhfianaise an bhrú a d’fhéadfadh a bheith ar mhargaí na dtíortha comharsanacha: sa Rialachán BAT atá ann faoi láthair tá sásraí, i bhfoirm forálacha coimirce neartaithe, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní mhóra do tháirgeoirí an Aontais. Chuidigh sin leis na margaí is íogaire a chobhsú agus thug sé comharthaí dearfacha maidir leis an bpeirspictíocht fhadtéarmach.

As seo amach, admhaím go bhfuil gá le socrú níos cobhsaí agus níos struchtúrtha leis an Úcráin maidir lenár dtrádáil fhrithpháirteach i dtáirgí agraibhia. Gheall an Coimisiún cheana féin tús a chur le cainteanna leis an Úcráin chun tuilleadh léirscaoilte trádála a dhéanamh go buan agus go cómhalartach, mar a fhoráiltear leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin. An t -athbhreithniú ar an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, rannchuideoidh sin freisin leis an Úcráin a chomhtháthú de réir a chéile sa Mhargadh Aonair, rud a rachaidh chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí de chuid an Aontais agus de chuid na hÚcráine araon. Cuirfear san áireamh ann na ceachtanna a foghlaimíodh ón léirscaoileadh atá ann faoi láthair agus fágfaidh sé go mbeidh deimhneacht agus cobhsaíocht eacnamaíoch sa chaidreamh trádála idir an tAontas agus an Úcráin i gcomhair na mblianta atá le teacht. Is é an cuspóir atá ann deiseanna leanúnacha a thabhairt d’oibreoirí na hÚcráine táirgí agraibhia a onnmhairiú chuig an Aontas, agus an tráth céanna freagairt d’ábhair imní pháirtithe leasmhara

an Aontais, go háirithe maidir le hearnálacha sonracha ina bhféadfadh allmhairí méadaithe ón Úcráin dochar a dhéanamh don staid sna margaí. Ar an gcaoi chéanna, beidh teacht níos fearr ag oibreoirí an Aontais ar mhargadh na hÚcráine. Tabharfaidh mé aird ar leasanna fheirmeoirí an Aontais agus áiritheoidh mé go mbainfear an chothromaíocht cheart amach i dtaca leis an gcaoi a gcaitear le hearnálacha íogaire faoin bpróiseas sin. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le hoscailt bhuan chómhalartach sin an mhargaidh, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an teacht feabhsaithe ar an margadh Eorpach i gcás tháirgí talmhaíochta na hÚcráine a nascadh leis an Úcráin caighdeáin táirgeachta ábhartha an Aontais a chomhlíonadh de réir a chéile.

*5. Tá an talmhaíocht ag brath níos mó ná beagnach aon earnáil eile ar fhachtóirí seachtracha amhail imeachtaí aeráide, margaí luaineacha nó imthosca geopholaitiúla nach bhfuil mórán tionchair nó tionchar ar bith aici orthu. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh earnáil talmhaíochta athléimneach agus bainistiú láidir géarchéime ann don bheartas talmhaíochta amach anseo. I do cháil mar Choimisinéir ainmnithe, cad iad do chuid smaointe chun feabhas a chur ar athléimneacht agus ar bhainistiú géarchéime agus riosca na hearnála talmhaíochta, lena n -áirítear an cúlchiste géarchéime, i bhfianaise na ndúshlán seachtrach thuasluaite? Go háirithe, conas a bheartaíonn tú dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le huisce, lena n -áirítear infhaighteacht uisce atá ag éirí níos tábhachtaí i dtáirgeadh talmhaíochta?*

An t -athrú aeráide agus teagmhais adhaimsire, cailliúint na bithéagsúlachta agus an truailliú, chomh maith le cailliúint talún talmhaíochta, foraoise agus talún breacnádúrtha agus talún nádúrtha eile, is nithe iad sin a chuireann an Eoraip i mbaol rioscaí agus leochaileachtaí atá ag dul i méid. Mar a cuireadh i dtábhacht sa Mheasúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide i mí an Mhárta i mbliana, tá leibhéil riosca chriticiúla ag baint do tháirgeadh barr cheana féin i ndeisceart na hEorpa. Ina theannta sin, tá forbairtí geopholaitiúla agus forbairtí eacnamaíocha gaolmhara ag cur brú níos mó ar chórais talmhaíochta agus bhia. Is féidir linn go léir a bheith ar aon ghuth gur dúshláin ollmhóra iad sin do thionscal agraibhia an Aontais i gcomhthéacs intíre agus domhanda atá an -iomaíoch. An tráth céanna, is iomaí bua atá ag tionscal agraibhia an Aontais, go háirithe feirmeoirí na hEorpa agus an éagsúlacht atá le fáil ar chríoch an Aontais.

Tá earnáil talmhaíochta agus bia an Aontais i mbun aistriú cheana féin: chun bheith níos athléimní agus níos inbhuanaithe, chun an t -athrú aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú a thuilleadh dó, chun tionchar na hearnála ar an gcomhshaol a laghdú – agus leanúint de bheith ag cur leis an tslándáil bia san Aontas agus ar fud an domhain san am céanna. Tá sé sin amhlaidh a bhuí le feirmeoirí agus fiontraithe nuálacha oilte san earnáil. Ba cheart dúinn sin a aithint.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé go gcuirfimid go mór lenár n -iarrachtaí tacú le feirmeoirí agus le gnólachtaí san aistriú sin agus timpeallacht chumasúcháin a chruthú chun go mbeidh gach feirmeoir agus fiontraí san Aontas in ann teacht ar shamhail ghnó a oireann dá staid gheografach agus aeráide féin. Mar a leagadh amach sa Phlé Straitéiseach, chun athléimneacht chlaochlaitheach na hearnála agraibhia a neartú, ní mór tarraingt ar réitigh ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha araon.

Cosnóidh mé beartas ioncaim Aontais le haghaidh fheirmeoirí na hEorpa.

Chun ullmhú don todhchaí, ní mór dúinn aghaidh níos fearr a thabhairt ar an ullmhacht i leith rioscaí aeráide agus ar bhainistiú géarchéime, agus é á áirithiú againn go bhfreastalófar go sonrach ar riachtanais na gceantar tuaithe. Le cur chuige beartais éifeachtúil éifeachtach maidir le bainistiú riosca i réimse na talmhaíochta, ní mór a chur san áireamh idirghníomhaíochtaí agus comhbhabhtálacha idir rioscaí éagsúla, straitéisí ar an bhfeirm, réitigh sa mhargadh agus sa slabhra soláthair, agus beartais rialtais. Cé go bhfuil gá le huirlisí bainistithe géarchéime chun déileáil le teagmhais thurraingeacha sa ghearrthéarma, níor cheart go gcuirfidís teorainn leis an athrú claochlaitheach ná le glacadh feirmeoirí le réitigh is fadtéarmaí. I dtaca leis na beartais bainistithe riosca agus géarchéime de, tá sé tábhachtach gur cumasóirí a bheidh iontu don chlaochlú i dtreo earnáil talmhaíochta athléimneach inbhuanaithe.

Tá gá le cineálacha cur chuige nua ós rud é go bhfuil riosca níos mó ag baint le hárachas talmhaíochta d'oibreoirí mar gheall ar na costais a bhaineann leis na teagmhais eisceachtúla. De ghrá na soiléire: na scéimeanna árachais atá ann faoi láthair, ní bheidh siad chomh hinmharthana céanna ó thaobh airgeadais de i gcás na n -oibreoirí agus an árachaí araon. Chun dul i ngleic leis an bhfáinne fí sin, ní mór dúinn rioscaí a roinnt ar bhealach níos fearr, laghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hárachas chun níos mó cistiú príobháideach a mhealladh agus timpeallacht chumasúcháin a chur ar fáil trí obair a dhéanamh ar thrédhearcacht an mhargaidh, mar shampla. Geallaim go n -oibreoidh mé ar riar is fearr uirlisí bainistithe riosca talmhaíochta i mBallstáit uile an Aontais.

Déanfaidh mé athbhreithniú freisin ar an mbosca uirlisí ionstraimí atá ann faoi láthair faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus déanfaidh mé measúnú ar an mbealach is fearr is féidir linn feabhas a chur ar na huirlisí sin chun athléimneacht chóras talmhaíochta na hEorpa a fhorbairt ar bhealach níos fearr agus chun an riosca a bhaineann leo a laghdú do ghníomhaithe sa mhargadh. I mo thuairimse, ba cheart aird níos mó a bheith sa chomhbheartas talmhaíochta ar dhreasachtaí agus ar ionstraimí lena gcothaítear oiriúnú agus athléimneacht fhadtéarmach feirmeacha agus, an tráth céanna, a fhágann nach bhfuil an oiread céanna riosca ná costais ag baint leis an árachas.

Sa bhreis ar na hionstraimí bainistithe riosca, is den riachtanas iad na huirlisí ullmhachta agus freagartha i gcomhair géarchéimeanna, óir na bearta is éifeachtaí féin maidir le cosc agus bainistiú rioscaí ní féidir leo cosc a chur ar ghéarchéimeanna agus suaití nach féidir le feirmeoirí a sheasamh astu féin, bídís ina ngéarchéimeanna aeráide, comhshaoil, eacnamaíocha, geo-eacnamaíocha, polaitiúla nó geopholaitiúla. Luaitear sin go soiléir sna moltaí a cuireadh chun tosaigh sa Phlé Straitéiseach faoi thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé de na hiarrachtaí a rinneadh le déanaí faoi chuimsiú an tSásra Eorpaigh um Ullmhacht agus um Fhreagairt i leith Géarchéimeanna Slándála Bia agus cuirfidh mé leis na hiarrachtaí sin, ós gníomh lárnach sin i straitéis ullmhachta an Aontais a mhéid a bhaineann le soláthar bia agus slándáil bia. Sa chomhthéacs sin, táim ag tnúth le tuarascáil Niinistö atá ar na bacáin maidir le conas ullmhacht agus réidhe shibhialta agus chosanta na hEorpa a fheabhsú, inar cheart an tslándáil bia a mheas mar ghné chriticiúil d'aon ullmhacht.

Ó thaobh na freagartha de, leis na bearta eisceachtúla ó Chomheagrú na Margaí agus leis an gcúlchiste talmhaíochta, cuireadh tacaíocht thráthúil ar fáil d'fheirmeoirí an Aontais a bhfuil réimse leathan cúinsí rompu, cúinsí a dhéanann difear dá n -inmharthanacht eacnamaíoch, idir shuaitheadh sa mhargadh mar gheall ar imthosca geopholaitiúla, agus leathadh galar ainmhithe a chomhrac agus tionchair teagmhas adhaimsire agus tubaistí nádúrtha nach bhfacthas a leithéid riamh a chomhrac. Creidim gur comhartha tábhachtach iad na hionstraimí géarchéime ar chúram na n -údarás poiblí agus ar dhlúthpháirtíocht na hEorpa lenár bhfeirmeoirí. As seo amach, ní mór dúinn a áirithiú nach bhfágfaidh an bainistiú géarchéime agus an ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna go mbeidh doicheall ar fheirmeoirí straitéisí bainistithe riosca a ghlacadh ar a bhfeirmeacha, e.g. aistriú chuig cleachtais feirmeoireachta is athléimní.

Beidh sé an -tábhachtach freisin leanúint de na hiarrachtaí chun earnáil na talmhaíochta a dhéanamh níos athléimní i leith an athraithe aeráide agus go háirithe i leith teagmhais adhaimsire ar nós tuilte agus triomaigh, agus beidh sé an -tábhachtach na hiarrachtaí sin a fheabhsú, ach beidh sé chomh tábhachtach céanna go mbeidh an earnáil níos athléimní i leith an téimh fhoriomláin agus na n -athruithe ar phatrúin frasaíochta. Ní hé gur rogha atá ann go mbeadh earnáil an talmhaíochta athléimneach i leith uisce, is amhlaidh gur riachtanas atá ann, agus oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch chun an Straitéis Athléimneachta maidir le hUisce a dhearadh, straitéis a mbeidh sé d'aidhm aici cuidiú le feirmeoirí talmhaíocht atá cliste ó thaobh bainistiú uisce de a bhaint amach.

Tá tacaíocht an chomhbheartais talmhaíochta fós fíor-riachtanach le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcuirtear feabhas ar shláinte na hithreach, (a bhfuil éifeachtaí dearfacha acu ar an gcreimeadh a theorannú nó ar acmhainneachtaí ionsúcháin a chruthú, arb acmhainneachtaí iad a chuidíonn le barrachas uisce agus triomach araon a chomhrac), tá sí fíor-riachtanach freisin le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcoinnítear ar bun agus lena gcruthaítear gnéithe tírdhreacha a bhfuil éifeachtaí maolaitheacha acu, agus lena ndéantar infheistíocht i mbonneagair is fearr le haghaidh uisciúcháin agus athúsáid uisce, agus lena dtacaítear leis an bhfeirmeoireacht bheacht, agus le barra agus cineálacha is athléimní. Ba cheart cineálacha cur chuige nua ar leibhéal an tírdhreacha a chur chun cinn. Ar an gcuma chéanna, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh ról is láidre ag seirbhísí comhairleacha ar fud chríoch an Aontais chun tacú le feirmeoirí atá ag gabháil do chleachtais agus do chórais is athléimní atá oiriúnaithe dá neamhchosaint gheografach agus aeráide áitiúil. A bhuí leis na seirbhísí céanna sin, bíonn tairbhe ann do chách ós rud é go bhfágann siad gur tarraingtí an t -árachas do ghnólachtaí feirmeoireachta.

Ba cheart dúinn luach saothair a thabhairt do na feirmeoirí sin a ranncuidíonn lenár n -éicisheirbhísí a chosaint nó a athbhunú. Cé go n -oibreoimid chuige sin i gcomhair na tréimhse tar éis 2027, tá na Ballstáit, ar an mórchóir, ag dul sa treo sin cheana féin, trí éiciscéimeanna, mar a thugtar orthu, agus trí ionstraimí agra-chomhshaoil agus aeráide, mar shampla.

Creidim go bhfuil gá le tuilleadh athruithe bunúsacha sna réigiúin is leochailí. Beidh orainn éifeachtaí fadtéarmacha an athraithe aeráide a thuar i dteannta a chéile – go háirithe na héifeachtaí a bheidh aige ar acmhainní uisce – agus a áirithiú go n -oiriúnóidh an earnáil í féin chun athléimneacht is fadtéarmaí a bhaint amach. Is éard

atá i gceist leis sin go ndéanfar feirmeacha a éagsúlú nó a chlaochlú, go bhforbrófar margaí nua agus go rachfar i mbun taighde agus nuálaíocht thiomnaithe. Is féidir leat brath orm go ndíreoidh mé air sin freisin.

*6. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag earnáil na talmhaíochta le blianta beaga anuas, lena n-áirítear trí thacaíocht spriocdhírithe faoi CBT, chun bheith níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus don aeráid. Cuireann an talmhaíocht go mór cheana féin le spriocanna aeráide, bithéagsúlachta agus comhshaoil an Aontais a chur chun feidhme agus leanfaidh sí dá leithéid a dhéanamh amach anseo, agus réaltacht shocheacnamaíoch, iomaíochas agus brabúsacht earnáil na talmhaíochta agus an bhia á gcur san áireamh ag an am céanna. Conas a thacóidh tú le feirmeoirí sa phróiseas athraithe riachtanach seo? An bhféadfaí é sin a dhéanamh laistigh de chreat CBT atá ann faoi láthair? I bhfianaise an ghá atá le hinfheistíocht mhéadaithe chun inbhuanaitheacht earnáil na talmhaíochta a áirithiú, an dóigh leat go bhfuil gá le buiséad méadaithe CBT agus conas a d'áiritheofá cistiú leordhóthanach? Cad iad na hionstraimí poiblí agus príobháideacha eile is gá, dar leat, chun tacú le feirmeoirí i soláthar na seirbhísí poiblí?*

Ní mór dúinn oibriú i gcomhar le chéile chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála feirmeoireachta agus bia seo againne a áirithiú laistigh de theorainneacha ár bpláinéid. Ní féidir linn an sprioc choiteann sin a bhaint amach ach amháin má oibrímid i gcomhar le chéile ar thrí ghné na hinbhuanaitheachta: an ghné eacnamaíoch, an ghné chomhshaoil-aeráide agus an ghné shóisialta. Ós rud é go bhfuil na trí ghné sin fite fuaite ina chéile, ní éireoidh linn má thugaimid tosaíocht do ghné amháin díobh gan a áirithiú go bhfuil an dul chun cinn cuí á dhéanamh sna gnéithe eile freisin. Sin an t-aon bhealach amháin chun inmharthanacht na hearnála a áirithiú, mar aon le slándáil fhadtéarmach bia do na saoránaigh Eorpacha trí sholáthar flúirseach bia atá éagsúil, ar ardchaighdeán agus inacmhainne, chomh maith le bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus limistéir thuaithe faoi bhláth.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé ar intinn agam cur leis an méid atá bainte amach go dtí seo, faoi chuimsiú phleananna straitéiseacha an chomhbheartais talmhaíochta, agus trí thionscnaimh a rinneadh mar chuid den Chomhaontú Glas, agus aitheantas á thabhairt do na hiarrachtaí atá déanta ag feirmeoirí agus ag údaráis riaracháin náisiúnta. Mar a dheimhnigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le déanaí sa tuarascáil uaithi maidir le pleananna straitéiseacha CBT an 30 Meán Fómhair 2024, le 'hailtireacht ghlas' an Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027, is féidir uaillmhian chomhshaoil agus aeráide is mó a bheith sa chomhbheartas talmhaíochta, ach ní mór leas níos fearr a bhaint as an acmhainneacht sin trí phleananna náisiúnta. Dá bhrí sin, tacóidh mé leis na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha CBT a chur chun feidhme go héifeachtúil, ach táim an-tiomanta freisin dul i ngleic le laigí agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh, as fianaise nua agus as aiseolas ó pháirtithe leasmhara, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit.

Mar sin féin, creidim gur uirlis iomchuí iad na pleananna straitéiseacha CBT chun cuspóirí beartais an chomhbheartais talmhaíochta a shaothrú ar bhealach comhtháite, ós rud é go n-úsáideann na Ballstáit iad chun freagairtí a ullmhú agus a thabhairt, ar freagraí iad atá oiriúnaithe do na dúshláin atá ann ar fud a gcríoch. Ós é an comhbheartas talmhaíochta an fhoinse chistiúcháin is mó atá ag an Aontas don chomhshaol is féidir leis a áirithiú go mbeidh an táirgeacht agus an dúlra fite fuaite ina chéile. Mar thoradh air sin, tá uaillmhian is airde i roinnt réimsí agus tiomnaíodh 32% de chistí CBT do chuspóirí aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe (gar do €97 mbilliún de leithdháileadh phleananna CBT 2023-2027).

Murab ionann agus earnálacha eile den gheilleagar, tá an táirgeacht talmhaíochta bunaithe ar an dúlra agus ar éiceachórais agus tá dlúthnasc doscartha eatarthu. Eascraíonn seach-iarmhairtí dearfacha ón talmhaíocht, ina measc, cothabháil tírdhreach, gníomhaíochtaí eacnamaíocha i gceantair thuaithe iargúlta agus gníomhartha dearfacha ar son na bithéagsúlachta a bhuí le cleachtais feirme áirithe. Ní mór iad sin a choinneáil ar bun. An tráth céanna, ní mór dúinn na seach-iarmhairtí diúltacha a laghdú, acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus na hacmhainní sin a athbhunú i gcás inar gá. Sláinte na hithreach, oiriúnú don athrú aeráide, pailniú, cothromaíocht cothaitheach, an dícharbónú agus úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí agus leasachán, chomh maith lena roghanna malartacha, gan ach roinnt príomhshamplaí a lua, tá siad fíor-riachtanach le haghaidh na hinmharthanachta fadtéarmaí. Is minic a d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathruithe móra ar an mbainistiú atáthar a dhéanamh chun oiriúnú don athrú aeráide.

Ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar chuspóir an chomhbheartais talmhaíochta maidir le caighdeán cóir maireachtála a bhaint amach don lucht talmhaíochta agus a áirithiú go mbeidh soláthairtí ar fáil ar phraghsanna réasúnta, mar a bhunaítear in Airteagal 39 den Chonradh. Ní mór dúinn ceachtanna a fhoghlaim ón méid a chuir na feirmeoirí in iúl san earrach chun cur chuige nua a dhearadh agus a úsáid leis an inbhuanaitheacht a bhaint amach, tacú le feirmeoirí an bhithéagsúlacht a dhícharbónú agus a chaomhnú.

Creidim gur féidir torthaí dearfacha comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn trí luaíochtaí agus dreasachtaí a thabhairt as éicisheirbhísí. Chun na huaillmhianta uile a bhaint amach, beidh orainn tacaíocht a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr freisin. Córas luaíochtaí agus dreasachtaí le haghaidh éicisheirbhísí, beidh sin tábhachtach chun torthaí dearfacha comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn. Leis an gcéad bhuiséad eile de chuid an Aontais, ní mór dúinn a áirithiú go ndíreofar ar an gcomhbheartas talmhaíochta agus go mbainfear amach an chothromaíocht cheart idir dreasachtaí, infheistíochtaí agus rialáil. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh mé measúnú sonrach, i measc nithe eile, ar na roghanna is fearr ó thaobh coinníollachta de i gcás íocaíochtaí CBT agus tabharfaidh mé aird ar leith ar thionscnaimh reachtacha i réimsí eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar earnáil na talmhaíochta.

Sa Phlé Straitéiseach faoi thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach, chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach i dtéarmaí talmhaíochta agus táirgeadh bia, forbairt tuaithe, aeráidneodrachta agus athbhunú na bithéagsúlachta, measadh gur gá gníomhú agus freagairt ar bhealach éifeachtach éifeachtúil chun na tosaíochtaí a bhaint amach, na tosaíochtaí seo a leanas go háirithe: iomaíochas, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na hearnála talmhaíochta, agus biacheannasacht an Aontais a neartú agus difear mór a dhéanamh inár bpobail tuaithe.

I bhfianaise dhúshláin an aistrithe agus an oiriúnaithe atá roimh thalmhaíocht na hEorpa, ní féidir linn fanacht i muinín an chomhbheartais talmhaíochta amháin chun cuidiú leis an aistriú a mhaoiniú agus chun riosca an aistrithe a laghdú. Is iomaí feirmeoir atá toilteanach infheistíocht agus athrú a dhéanamh, ach níl siad in ann cistiú tráchtála a fháil. Tá méadú tagtha ar an mbearna mhaoiniúcháin sin le blianta beaga anuas - meastar gur €62 bhilliún (2022) atá ann - agus tá grúpaí áirithe ar nós feirmeoirí beaga nó feirmeoirí óga faoi mhíbhuntáiste ar leith. Tá bearna shuntasach ann freisin a mhéid a bhaineann le 'hinfheistíochtaí glasa', toisc nach mbíonn toradh láithreach ar infheistíocht le fáil astu. Tá sé ar intinn agam oibriú i ndlúthchomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta d'fhonn foinsí infheistíochta poiblí a uasmhéadú agus caipiteal príobháideach a ghiaráil agus an riosca a bhaineann leis a laghdú ag an am céanna. Spreagfaidh mé na Ballstáit freisin chun úsáid níos fearr a bhaint as na hionstraimí airgeadais laistigh den chomhbheartas talmhaíochta agus chun úsáid níos fearr a bhaint as an tacaíocht atá ann don nuálaíocht cheannródaíoch agus as aistriú eolais.

Fiosróidh mé a thuilleadh samhlacha gnó nua agus deiseanna nua le haghaidh foinsí ioncaim breise d'fheirmeoirí, agus sin ag eascairt ó gheilleagar aeráidneodrach agus dúlra-dearfach, ar nós bithgheilleagair (iarmhair, dramhaíl nó bithmhais a luacháil) nó feirmeoireacht carbóin agus deimhniú bithéagsúlachta (creidmheasanna carbóin agus creidmheasanna dúlra). Is féidir le feirmeoirí a n -ioncam freisin ach iad a bheith ina dtáirgeoirí fuinnimh in -athnuaite. Ní mór dúinn freisin oibriú go dlúth le tionscal an bhia agus na dí agus le tomhaltóirí inár n -iarrachtaí agus ní mór dúinn an freagracht a roinnt leo chomh maith. Braitheann tionscal an bhia ar fheirmeoirí chun a n -ionchur a fháil: dá bhrí sin, tá leas eiseach aige in earnáil talmhaíochta atá sláintiúil, inbhuanaithe agus athléimneach. Mar sin, ba cheart don earnáil sin rannchuidiú go cothrom le luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí a tháirgeann táirgí talmhaíochta ar bhealach is inbhuanaithe.

*7. Cad iad do chuid pleananna chun earnáil an bheostoic a fhorbairt agus chun cur leis an bplean gníomhaíochta ar son na haeráide ag an am céanna? Conas a chuirfeá borradh faoin nuálaíocht sa réimse seo? Conas a áiritheofá go gcuirfí reachtaíocht chun feidhme go comhleanúnach agus go héifeachtach arb é is aidhm di astaíochtaí a dhéanann difear d'earnáil an bheostoic a laghdú, agus conas a sheachnófá roinnt gnéithe dlíthiúla agus an t -ualach breise riaracháin ar fheirmeoirí?*

Tá laghdú fós ag teacht ar an mbeostoc san Aontas - tá laghdú 7.8% air le 10 mbliana anuas - ach ní hionann leibhéal don laghdú sin ar fud an Aontais. Tháinig laghdú 5% ar an líon bó-ainmhithe, laghdú 6% ar an líon muc, laghdú 9% ar an líon caorach agus laghdú 15% ar an líon gabhar (2023 i gcomparáid le 2013).

Ní hamháin gur tosaíocht talmhaíochta é earnáil beostoic inbhuanaithe iomaíoch a áirithiú san Aontas ach is cuspóir straitéiseach é freisin atá nasctha le spriocanna is leithne maidir leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch. Is colún ríthábhachtach de chuid chóras agraibhia an Aontais é, a rannchuidíonn leis an tslándáil bia, leis an bhfostaíocht tuaithe, agus le caomhnú na dtírdhreach éagsúil álainn ar fud na hEorpa, agus le caomhnú ár n -oidhreachta cultúrtha chomh maith. Nuair a bhíonn sé bunaithe ar fheirmeacha atá á reáchtáil ag teaghlaigh, is féidir ról lárnach a bheith aige maidir le beogacht na tuaithe a choinneáil ar bun. I réigiúin shléibhtiúla nó i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu, is minic gurb í an fheirmeoireacht stoic an t -aon ghníomhaíocht eacnamaíoch inmharthana amháin atá ann. Murach í, d'fhéadfadh ligean talún leis an dúlra, titim is mó sa daonra, caillteanas fostaíochta agus marbhántacht eacnamaíoch a bheith i ndán do na limistéir sin. An tráth céanna, tá tionchair aeráide agus chomhshaoil, mar is eol dúinn, ag an bhfeirmeoireacht stoic ar an uisce, ar an aer, ar an ithir agus ar an dúlra, agus is tionchair iad nach mór dúinn aghaidh a thabhairt orthu.

Tá sé i gceist agam feabhas a chur ar fheidhmíocht earnáil an bheostoic i dtéarmaí na hinbhuanaitheachta eacnamaíche, comhshaoil agus sóisialta, trí chreat fabhrach a chur ar fáil di faoin gcomhbheartas talmhaíochta, i gcomhréir le beartais eile, beartais a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol go háirithe. Áiritheoidh mé gurb é a thiocfaidh as an gcuspóir sin cur chuige iomlánaíoch a mbeidh treoirphrionsabail shoiléire mar thoradh air, treoirphrionsabail a bheidh le cur chun feidhme ar leibhéal na feirme agus ar fud an tslabhra soláthair chomh maith. An t -ualach riaracháin a bhíonn ar fheirmeoirí a laghdú, is ábhar é sin a mbeidh m'aird air go síoraí seasta.

Cé go bhfuil laghdú beag ag teacht ar astaíochtaí talmhaíochta san Aontas le fiche bliain anuas - agus meastar gur mar sin don treocht sa todhchaí - ní mór d'earnáil an bheostoic leanúint dá haistriú i dtreo cleachtais is inbhuanaithe. Ar an gcaoi chéanna, tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais go bhfuil brú thar a acmhainn ar an mbeostoc i roinnt réimsí sonracha agus go bhfuil gá le gníomhaíocht chun an chothromaíocht a bhaint amach arís. Chuige sin, tá gá le cur chuige cuimsitheach, agus ba cheart don chomhbheartas talmhaíochta leanúint de na huirlisí a chur ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, e.g. cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn, samhlacha gnó malartacha a chruthú, tacaíocht don taighde agus don fhorbairt, agus glacadh le nuatheicneolaíochtaí.

Córais atá bunaithe ar fhéarach, mar shampla, cuireann siad seirbhísí comhshaoil iomadúla ar fáil. Is réitigh dhúlrabhunaithe iad na hathchogantaigh féaraigh - bainistíonn siad bithmhais féarthalún, laghdaíonn siad an riosca falscaithe, agus tacaíonn siad le stóráil carbóin san ithir. Cuidíonn ainmhithe féaraigh le sláinte na n -éiceachóras a choinneáil ar bun - cuireann siad le torthúlacht na hithreach trí ábhar orgánach agus nítrigin a thabhairt ar ais. Tacaíonn an innilt leis an mbithéagsúlacht freisin - an t -aoileach a fhágtar ina diaidh, mar shampla, cruthaíonn sé gnáthóga le haghaidh feithidí agus éan. Ina theannta sin, rannchuidíonn córais bheostoic fhéarbhunaithe le ceapadh carbóin in ithreacha, agus tá ról acu maidir leis an athrú aeráide a mhaolú. Cuireann córais bheostoic fhairsinge modh inbhuanaithe táirgthe bia ar fáil freisin i gcríocha nach bhfuil an táirgeadh barr inmharthana iontu, rud a atreisíonn an ról atá acu san oiriúnú don athrú aeráide. Ní mór do na margaí tacú leis na cleachtais inbhuanaithe sin agus luach saothair a thabhairt dóibh.

Tá fíor-riachtanas ag baint le cineálacha saincheaptha cur chuige lena gcuirtear san áireamh dálaí áitiúla, cleachtais feirmeoireachta agus réaltachtaí eacnamaíocha.

Cé go bhfuil iarrachtaí go leor déanta, is gá astaíochtaí a laghdú a thuilleadh. Tosóimid ar dtús chuige sin trí fheabhas a chur ar thomhas na n -astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar leibhéal na feirme agus ar an leibhéal náisiúnta araon, chun go mbeidh sonraí comhdhlúite ann ar leibhéal an Aontais. Ní mór dúinn taifead níos fearr a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag na dea-chleachtais ar laghdú astaíochtaí talmhaíochta, ós rud é nach n -aithnítear iad sin go leormhaith sna margaí ná sna fardail náisiúnta gás ceaptha teasa. Ina theannta sin, beidh ról ríthábhachtach ag an nuálaíocht theicneolaíoch san aistriú sin. An fheirmeoireacht bheacht, cláir phóraithe thiomnaithe, cleachtais fheabhsaithe i gcomhair sláinte ainmhithe, breiseáin bheathaithe lena laghdaítear meatán, bainistiú aoiligh, bainistiú innilte comhtháite agus réitigh bheathaithe nuálacha, is nithe iad sin ar fad a bheidh criticiúil chun lorg comhshaoil na feirmeoireachta stoic a laghdú. Tabharfaidh mé aird ar leith ar an gclár taighde agus nuálaíochta atá faoi lán seoil, agus áiritheoidh mé go gcuirfear torthaí an chláir ar fáil do chách - torthaí a bhfuil údar dóchais leo; na cineálacha cur chuige sin atá neamhdhíobhálach don aeráid, ba cheart iad a chur chun feidhme sa réimse.

Tá roinnt treoirphrionsabal ann maidir le todhchaí na hearnála: fianaise eolaíoch, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus an nuálaíocht theicneolaíoch. Agus peirspictíochtaí fadtéarmacha á gceapadh agam le haghaidh na hearnála, áiritheoidh mé go mbunófar an plé ar fhianaise eolaíoch láidir, ionas gur fíricí a bheidh mar bhonn eolais ag cinntí beartais, agus go mbeidh baint ag na páirtithe leasmhara uile - lena n -áirítear feirmeoirí, tomhaltóirí, an tsochaí shibhialta, eolaithe agus lucht ceaptha beartas - i múnlú thodhchaí na hearnála agus go ndéanfar cleachtas den nuálaíocht a bhuí leis na cinntí beartais céanna.

Mar a luaigh mé cheana, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, ullmhóidh mé Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia sa chéad 100 lá de thréimhse an tsainordaithe nua, tógfaidh mé ar mholtaí an Phlé Straitéisigh, agus is cuid lárnach den fhís chéanna sin a bheidh i dtodhchaí an bheostoic. Trí thacú leis an nuálaíocht agus trí réitigh shaincheaptha a chur chun cinn, is féidir linn todhchaí athléimneach inbhuanaithe a thógáil d'fheirmeoireacht stoic an Aontais.

<u>Ceist ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia</u>

*8. Conas a bhainfidh tú amach na cuspóirí comhshaoil agus aeráide (GCT lena n -áirítear meatán), agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta fheirmeoirí an Aontais á háirithiú ag an am céanna, chomh maith lena ról maidir le slándáil bia an Aontais a dhaingniú? An féidir leat sonraí a sholáthar ar an gcóras*

*tagarmharcála atá beartaithe le haghaidh scéimeanna deimhniúcháin inbhuanaitheachta chun modheolaíochtaí maidir le measúnuithe inbhuanaitheachta feirme a chomhchuibhiú? Cad iad na critéir ar a mbeidh sé bunaithe? Conas a laghdóidh sé (an córas tagarmharcála atá beartaithe) an t -ualach riaracháin ar an earnáil? Conas a shamhlófá sprioc 2030 an Aontais don fheirmeoireacht orgánach a bhaint amach? Conas a bheartaíonn tú oibriú i gcomhar leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe ar an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin', agus ar an gcreat reachtaíochta do chórais bhia inbhuanaithe? Maidir leis an bpointe deireanach sin, an bhfuil sé ar intinn agat an togra seo a chur san áireamh i gClár Oibre an Choimisiúin don bhliain 2025? Conas a áiritheoidh tú go dtabharfar an creat reachtach seo aghaidh ar an raon iomlán geallsealbhóirí agus go nglacfar cur chuige comhtháite chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn ar fud an tslabhra luacha ón talmhaíocht, dramhaíl bhia a laghdú, leas ainmhithe, agus aistí bia inbhuanaithe atá níos sláintiúla agus bia ar ardchaighdeán?*

I bhfianaise thionchar na talmhaíochta agus na gcóras bia ar an aeráid agus ar an gcomhshaol, tá gá le cur chuige comhpháirteach comhleanúnach maidir leis an gcaoi a rannchuidíonn codanna éagsúla den chóras bia le cuspóirí aeráide agus maidir leis an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar dhúshláin chomhshaoil. Ní mór d'earnáil na talmhaíochta, dála na n -earnálacha eile, a cion féin a dhéanamh. Tá táirgeadh bia bunaithe ar an dúlra agus ar éiceachórais agus tá dlúthbhaint aige leo. Mura bhfuil ithreacha sláintiúla ann, níl aon ioncam le fáil ag ár bhfeirmeoirí.

Chun a áirithiú go mbeidh toradh ar na cuspóirí comhshaoil agus aeráide, is gá béim is láidre a leagan ar dhreasachtaí agus ar infheistíochtaí chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir dreasachtaí, infheistíochtaí agus rialáil. Dá bhrí sin, tá sé i gceist agam cur leis na hiarrachtaí tábhachtacha atá déanta cheana féin maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid laistigh de chreat tacaíochta an chomhbheartais talmhaíochta reatha – agus déanfaidh mé sin go comhpháirteach faoi chuimsiú na ndlíthe comhshaoil agus aeráide a formheasadh nó atá á bplé, lena n -áirítear an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra. Ar mhaithe leis an talmhaíocht féin, ní mór dúinn torthúlacht na hithreach a áirithiú go héifeachtach, caillteanais cothaitheach a laghdú agus an bhithéagsúlacht agus a seirbhísí a thabhairt ar ais, agus a áirithiú san am céanna nach mbeidh na feirmeoirí thíos leis.

Faoin gcomhbheartas talmhaíochta, ba cheart aird bhreise a thabhairt ar astaíochtaí, agus ba cheart déanamh amhlaidh ar an gcéad dul síos trí fheabhas a chur ar thomhas na n -astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na feirme araon, chun gur féidir sonraí comhdhlúite a bheith ann ar leibhéal an Aontais. Ní mór dúinn taifead níos fearr a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag na dea-chleachtais ar laghdú astaíochtaí talmhaíochta, ós rud é go bhfuil go leor iarrachtaí déanta cheana féin: ní aithnítear iad sin go leormhaith sna margaí ná sna fardail náisiúnta gás ceaptha teasa. Ar an dara dul síos, chun astaíochtaí ón talmhaíocht a laghdú, lena n -áirítear meatán, is gá uirlisí áirithe faoin gcomhbheartas talmhaíochta a neartú agus tacaíocht a spriocdhíriú a thuilleadh, lena n -áirítear ar chríocha sonracha nó ar an bhfeirmeoireacht ainmhithe, chomh maith le nuálaíochtaí maidir le bainistiú aoiligh.

Tá deiseanna ann feirmeoireacht a chleachtadh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, mar a léiríonn an earnáil orgánach. Táim an -mhuiníneach as acmhainneacht na hearnála san Aontas. Tá sé i gceist agam leanúint de bhéim a choinneáil ar fhorbairt na hearnála. Sa lá atá inniu ann, déantar foráil le Pleananna Straitéiseacha CBT maidir le tacaíocht shubstaintiúil agus spriocanna uaillmhianacha le haghaidh na hearnála orgánaí agus beidh sé tábhachtach tacaíocht a choinneáil ar bun chun aistriú agus cothabháil na feirmeoireachta orgánaí a éascú. Ní mór dúinn a bheith chomh gníomhach céanna maidir le tacú le héileamh an mhargaidh ar tháirgí orgánacha a fhorbairt agus maidir leis an tomhaltas a spreagadh, trí bheartas cur chun cinn nó trí athruithe ar rialacha soláthair phoiblí, mar shampla.

Tá idirnaisc shoiléire idir sláinte daoine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil, mar a léirítear sa chur chuige 'Aon Sláinte Amháin'. Tá gá níos mó ná riamh le cur chuige iomlánaíoch a choimeád chun athléimneacht fhadtéarmach chóras bia an Aontais a chaomhnú, ach ní mór dúinn an cuspóir fadtéarmach sin a bhaint amach le cur chuige nua i leith na hinbhuanaitheachta, mar a mholtar freisin sa Phlé Straitéiseach. Seachas tograí reachtacha nua, is féidir linn ár gcuspóirí a bhaint amach tríd an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr agus dreasachtaí agus uirlisí nua margadhbhunaithe á n -úsáid chun athrú a chur chun cinn san am céanna. Agus mé i gceann na hoibre sin, tá sé i gceist agam oibriú i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe, mar aon leis an gCoimisinéir um an Iascach agus na hAigéin, leis na Coimisinéirí um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch, leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan -nialasacht agus Fás Glan, agus le coimisinéirí eile nach iad.

Cuid dhílis den obair sin is ea cur chuige pragmatach ó bhun aníos, agus riachtanais shonracha na bhfeirmeoirí á gcur san áireamh. I measc nithe eile, tá sé ar intinn agam oibriú le feirmeoirí, le gach gníomhaí i slabhra an

tsoláthair bia, le hionadaithe tomhaltóirí agus le hearnáil na heolaíochta chun measúnú inbhuanaitheachta comhchuibhithe ar an bhfeirm a fhorbairt – an córas tagarmharcála. Agus leas á bhaint as na córais phoiblí agus phríobháideacha atá ann cheana agus réaltachtaí ar an bhfeirm á gcur san áireamh, d'fhágfaí nach mbeadh na sonraí inbhuanaitheachta le taifeadadh ag feirmeoirí ach an t -aon uair amháin, agus ar an gcaoi sin laghdófaí an t -ualach riaracháin. D'fhágfadh sé gurbh fhearr a bheadh feirmeoirí in ann a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a thagarmharcáil agus thabharfadh sé chun solais an teannas atá ann idir gnéithe éagsúla den inbhuanaitheacht. D'fhéadfadh sé a bheith ina bhonn do scéimeanna féideartha inbhuanaitheachta poiblí nó príobháideacha, mar a leagtar amach sa tuarascáil maidir leis an bPlé Straitéiseach. Trí chóras tagarmharcála uile-Aontais a bhunú san earnáil agraibhia, beidh uirlis ann chun feirmeoirí a spreagadh le dul i mbun cleachtais inbhuanaithe agus chun a chur ar a gcumas dóibh é sin a léiriú chun luach saothair is fearr a fháil ón margadh.
Sainaithnítear sa Phlé Straitéiseach freisin go bhfuil sé ríthábhachtach do shláinte agus d'fholláine na saoránach aistriú i dtreo aistí bia is cothroime a chur chun cinn. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe chun dul chun cinn a dhéanamh sa réimse sin, agus na teorainneacha a bhaineann le hinniúlachtaí an Aontais maidir le tomhaltas bia á n -aithint agam san am céanna. Thairis sin, tá gné láidir shóisialta agus chultúrtha ag baint leis an mbia: is iad na húdaráis náisiúnta agus na húdaráis réigiúnacha is fearr atá in ann gníomhú, ós iad atá freagrach as oideachas, sláinte phoiblí agus cánachas, ar príomhghnéithe iad maidir le tacú le haistí bia inbhuanaithe sláintiúla. Mar sin féin, tá réimsí ann inar féidir leis an Aontas breisluach a chur leis na hiarrachtaí sin, agus inar féidir leis tacú leis na hiarrachtaí céanna nó iad a chomhlánú.

Tá rún daingean agam clár cur chun cinn an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta agus bia a shaothrú i gcomhréir le tacaíocht fhoriomlán na mBallstát agus Pharlaimint na hEorpa.

Ina theannta sin, tá rún daingean agam freisin leanúint d'éifeachtacht Scéim Scoile an Aontais a fheabhsú a thuilleadh. Tá an scéim sin ar cheann de na hionstraimí uathúla sin ar leibhéal an Aontais a théann i bhfeidhm ar an bpobal meáin is tábhachtaí ar fad, is é sin leanaí scoile. Ní hé amháin gur cheart dóibh tairbhiú de tháirgí talmhaíochta sláintiúla éagsúla, ar nós torthaí agus glasraí agus táirgí déiríochta, ach ba cheart dóibh níos mó a fhoghlaim faoin bhfeirmeoireacht, faoin gcomhshaol agus faoi aistí bia cothroma freisin. Ina theannta sin, údaráis phoiblí a fhaigheann bia, cuireann rialacha soláthair phoiblí an Aontais ar a gcumas dóibh critéir inbhuanaitheachta áirithe a chur san áireamh. Maidir leis an ngné sin freisin, tá mé tiomanta oibriú leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch agus leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe.

Tá tairbhí nithiúla le baint ag feirmeoirí as leas feabhsaithe ainmhithe feirmshaothraithe, go háirithe na rioscaí is lú a bhíonn ann go mbeidh ráigeanna galar ann, chomh maith leis an laghdú ar úsáid táirgí íocshláinte a bhfuil tionchar dearfach acu ar fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, ar ghalracht agus ar rátaí mortlaíochta a laghdú, chomh maith le brabúsacht is airde san fheirmeoireacht stoic. Tacaíonn an comhbheartas talmhaíochta atá ann faoi láthair le feirmeoirí leibhéil is airde a bhaint amach ó thaobh leas agus sláinte ainmhithe de. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe, chun rialacha maidir le leas ainmhithe a nuachóiriú, i gcomhréir le tosca eolaíocha, comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta go háirithe.

Maidir leis an dramhaíl bhia, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, in éineacht leis an gCoimisinéir um an gComhshaol agus leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe, tá mé tiomanta dlús a chur le dul chun cinn an Aontais i dtreo Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3, is é sin an dramhaíl bhia dhomhanda a laghdú faoina leath ar leibhéal an mhiondíola agus ar leibhéal an tomhaltóra agus an caillteanas bia a laghdú faoi 2030, trí aghaidh a thabhairt ar chomhtháthú na dramhaíola bia/an chaillteanais bia i ngach réimse beartais ábhartha, lena n -áirítear réimse na talmhaíochta. Tacóidh mé le tuilleadh gníomhaíochta as a dtiocfaidh laghdú ar an dramhaíl bhia agus ar an gcaillteanas bia.

<u>Ceist ón gCoiste um Iascach</u>

*9. Agus do chuid sainchúraimí á gcur chun feidhme agat, conas a chuirfidh tú san áireamh tábhacht earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais, an méid a chuireann siad le biacheannasacht an Aontais agus le cosaint éiceachóras muirí, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon?*

Na hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe, is colún bunúsach iad ag an iomad pobal ar fud na mór-roinne, agus tá ról ríthábhachtach acu maidir leis an tslándáil bia, agus maidir leis an bhfostaíocht agus leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch i réigiúin éagsúla.

Ina ainneoin sin, allmhairímid beagnach 70% de na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe uile a thomhlaítear san Aontas. Tá táirgeadh dobharshaothraithe na hEorpa fós sách íseal agus cobhsaí, in ainneoin na hacmhainneachta ollmhóire a bhaineann leis.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Iascach agus na hAigéin lena áirithiú go dtabharfar aird chuí ar an iascach agus ar an dobharshaothrú san Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia. Oibreoimid freisin i gcomhpháirt leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe chun feabhas a chur ar tharraingteacht na limistéar tuaithe agus na limistéar cósta araon ar son na glúine seo agus ar son ghlúnta na todhchaí.

Chun an tslándáil bia a áirithiú, ní mór don Aontas earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe atá iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach a chur chun cinn agus ní mór dó beogacht na limistéar tuaithe, na limistéar cósta agus na limistéar cois abhann a chaomhnú freisin. Cuimhnímis freisin: an méid a tharlaíonn ar talamh, bíonn tionchar mór aige ar ár bhfarraigí. Mar shampla, bíonn tionchair dhiúltacha ag caillteanais cothaitheach ar an talmhaíocht agus ar an aigéan araon, agus is é an toradh a bhíonn air sin go mbíonn costais ar earnáil na hiascaireachta agus ar earnáil na turasóireachta. Creidim go láidir gur cheart dúinn dul i muinín cur chuige iomlánaíoch maidir leis an gcóras bia i gcoitinne, agus an talmhaíocht mar aon leis an iascach agus an dobharshaothrú á gcur san áireamh san am céanna.
Tá ról lárnach ag tomhaltóirí i gconair an aistrithe sin. Cuid lárnach dá gcinntí tomhaltais is ea an praghas. Tá sé tábhachtach timpeallacht chumasúcháin oiriúnach a chruthú, timpeallacht ina mbíonn luach saothair le fáil sa mhargadh as cleachtais is inbhuanaithe. Réimse amháin a chuideodh le haistriú inbhuanaitheachta rianúil ach tuilleadh oibre a dhéanamh ann is ea an fhaisnéis a thugtar do thomhaltóirí: ní mór dúinn oibriú le chéile i réimsí ar nós lipéadú tionscnaimh is mionsonraithe, mar shampla.